II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/598 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Nollaig 2020

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun ualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,,

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 153(9) den Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoin gCur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha ("Cur Chuige IRB"), maidir le neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe nach féidir le hinstitiúid meastachán PD a thabhairt ina leith nó nach gcomhlíontar ceanglais áirithe le meastacháin PD na n-institiúidí ina leith, ba cheart do na hinstitiúidí ualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe i gcomhréir le hAirteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trína gcur i leith ceann de na catagóirí i dTábla 1 a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 153(5) bunaithe ar an measúnú a dhéanann siad ar an neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe in aghaidh gach ceann de na fachtóirí dá dtagraítear sa dara fomhír den Airteagal sin. Chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir leis na neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a shannadh do chatagóirí, ba cheart a leagan síos conas a chuirfear na fachtóirí sin san áireamh trí fhoráil a dhéanamh maidir le luachanna a ríomh a bhféadfaí na fachtóirí a cheangal le catagóirí riosca an Tábla sin bunaithe ar na luachanna sin. Ós rud é go mbaineann na neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe leis an aicme um neamhchosaint chorparáideach laistigh den Chur Chuige IRB agus gur cineál córais rátála atá sa mhodh chun ualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí den sórt sin a shonraítear in Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart feidhm a bheith ag na caighdeáin theicniúla rialála maidir le hualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a leagtar amach leis an Rialachán seo chomh maith leis na rialacha ginearálta a bhaineann le sannadh ualaí riosca do neamhchosaintí corparáideacha agus ceanglais eile maidir le córais rátála faoin gCur Chuige IRB.

(2) Ionas go bhféadfaidh na hinstitiúidí gach ceann de na fachtóirí sin a chur i bhfeidhm go hiomchuí, ba cheart tuilleadh sonraithe a dhéanamh orthu i bhfoirm fo-fhachtóirí d'fhonn na critéir mheasúnaithe a shoiléiriú maidir le gach cás. Chun measúnú iomchuí a dhéanamh ar na fo-fhachtóirí, is gá tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar roinnt fo-fhachtóirí i gcomhpháirteanna fo-fhachtóra.

(3) Chun aird a thabhairt ar na caighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta maidir le hualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe, mar a shonraíonn Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht i gcreat Basel II ([2]), agus chun an líon mór éagsúlachtaí i neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a chur san áireamh, ba

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Comhaontú Réime maidir le Cóineasú Idirnáisiúnta ar Thomhas Caipitil agus Ceanglais Chaipitil, Creat Athbhreithnithe, Leagan Cuimsitheach, mí an Mheithimh 2006.

cheart critéir mheasúnaithe éagsúla a chur i bhfeidhm maidir le gach ceann de na haicmí sin de neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe agus na fachtóirí á gcur i bhfeidhm ina leith. Sula ndéanfar ualach riosca a shannadh do neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe, ba cheart d'institiúidí a chinneadh cén aicme is mó a mbaineann an neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe léi.

(4) I gcás ina bhfuil féichiúnaí ar mainneachtain, ba cheart d'institiúidí ualach riosca chatagóir 5 i dTábla 1 d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an chatagóir is airde de chaillteanas ionchasach, i.e. catagóir 5 i dTábla 2 d'Airteagal 158(6) den Rialachán sin, a shannadh don neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe i gcomhréir le creat Basel II.

(5) Ba cheart do na hinstitiúidí catagóir a shannadh do gach fachtóir ar bhonn measúnú foriomlán agus na catagóirí a sannadh d'fho-fhachtóirí an fhachtóra sin á gcur san áireamh, chomh maith leis an tábhacht choibhneasta a bhaineann le gach fo-fhachtóir i ndáil leis an gcineál neamhchosanta ar iasachtú speisialaithe. Ba cheart an nós imeachta céanna a leanúint nuair atá catagóir á sannadh d'fho-fhachtóirí i gcás ina sonraítear an fo-fhachtóir tuilleadh i gcomhpháirteanna fo-fhachtóra.

(6) Chun an cruinneas agus an chomhsheasmhacht is fearr is féidir a bhaint amach nuair atá neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe á sannadh do chatagóirí, ba cheart do na hinstitiúidí ualach a shannadh do gach fachtóir ag féachaint don tábhacht choibhneasta a bhaineann leis i ndáil leis an gcineál neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe agus ba cheart dóibh meán ualaithe luachanna na gcatagóirí a sannadh do na fachtóirí a chinneadh. Chun a áirithiú go sannann na hinstitiúidí na hualaí sin ar bhealach atá stuama go leor, ba cheart íosteorainn agus uasteorainn a shocrú maidir leis an ualach a bhféadfaí a shannadh do gach fachtóir.

(7) Faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ceanglaítear ar institiúidí doiciméadú a dhéanamh ar shannadh ualaí riosca faoin gCur Chuige IRB i gcoitinne. Ionas go bhféadfaidh na húdaráis inniúla a fhíorú gur cuireadh na rialacha i bhfeidhm i gceart maidir le hualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart ceanglais áirithe maidir le doiciméadacht a leagan síos i ndáil le hualaí riosca a shannadh do na neamhchosaintí sin.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar chaighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta maidir le hualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe den chuid is mó. I bhfianaise éagsúlacht na neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe agus i bhfianaise shainiúlachtaí na neamhchosaintí den sórt sin, seans nach gcuirfí na tionscnóirí riosca uile a aithníonn institiúidí ina ngnó laethúil san áireamh, le haghaidh cineálacha áirithe neamhchosaintí de réir bhrí phointe 2 d'Airteagal 142(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó le haghaidh neamhchosaintí aonair ar iasachtú speisialaithe. Ós rud go gceanglaítear ar na hinstitiúidí le hAirteagal 171(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh i ndáil le féichiúnaithe agus saoráidí a shannadh do ghráid nó comhthiomsuithe, ba cheart a cheangal ar na hinstitiúidí gach ceann d'aon tionscnóir riosca breise a chur san áireamh agus é a bhreithniú go comhpháirteach leis an bhfo-fhachtóir de chreat na neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a chomhfhreagraíonn is fearr don tionscnóir riosca. I gcás ina ndéantar amhlaidh maidir le neamhchosaint aonair ar iasachtú speisialaithe, ba cheart glacadh leis mar shárú chun críocha Airteagal 172(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart don institiúid cuntas a thabhairt ar an gcúis a raibh sé iomchuí tionscnóirí riosca breise a chur san áireamh agus réasúnú a sholáthar ina leith.

(9) Bíonn feidhm ag na forálacha maidir le sáruithe a chur i bhfeidhm sa Chur Chuige IRB freisin maidir le neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe. Dá bhrí sin, i gcásanna eisceachtúla, ba cheart a cheadú do na hinstitiúidí gan fo-fhachtóir nó comhpháirt fo-fhachtóra áirithe a chur i bhfeidhm, maidir le neamhchosaint aonair ar iasachtú speisialaithe, i gcás ina bhfaigheann siad nach ábhartha é. Ba cheart a cheadú d'institiúidí freisin, go heisceachtúil, gan fo-fhachtóir nó comhpháirt fo-fhachtóra áirithe a chur i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí uile ar iasachtú speisialaithe a bhaineann le cineál neamhchosaintí mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 142(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcás nach ionann an fo-fhachtóir nó an chomhpháirt fo-fhachtóra sin agus tionscnóir riosca ábhartha don chineál sin neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe. Ba cheart a cheangal ar na hinstitiúidí doiciméadú a dhéanamh ar an gcinneadh gan fo-fhachtóir nó comhpháirt fo-fhachtóra a chur i bhfeidhm agus réasúnú a sholáthar ina leith.

(10) Ba cheart tréimhse leordhóthanach ama a thabhairt do na hinstitiúidí chun a gcórais rátála a oiriúnú d'ualaí riosca a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe chun na rialacha a leagtar síos leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.

(11) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(12) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na critéir mheasúnaithe is infheidhme maidir le haicmí éagsúla de neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe

1. I gcás inarb é is cuspóir le neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe maoiniú a sholáthar chun suiteálacha móra, casta, costasacha a fhorbairt nó a fháil, lena n-áirítear go háirithe stáisiúin chumhachta, stáisiúin próiseála ceimiceán, mianaigh, bonneagar iompair, an comhshaol, agus bonneagar teileachumarsáide, agus gurb ionann an t-ioncam a ghinfear leis na sócmhainní agus an t-airgead a ghinfear leis na conarthaí maidir le haschur na suiteála a fhaightear ó pháirtí amháin nó roinnt páirtithe nach bhfuil faoi rialú bainistíochta an urraitheora ("neamhchosaintí um maoiniú tionscadail"), cuirfidh na hinstitiúidí na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I i bhfeidhm maidir leis an aicme neamhchosaintí sin agus ualaí riosca á sannadh i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. I gcás inarb é is cuspóir le neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe maoiniú a sholáthar chun réadmhaoin a fhorbairt nó a fháil, lena n-áirítear go háirithe foirgnimh oifige le ligean ar cíos, spás miondíola, foirgnimh ilchónaithe, spás tionsclaíoch nó trádstórais, óstáin agus talamh, agus gurb ionann an t-ioncam a ghinfear leis an réadmhaoin agus íocaíochtaí léasa nó cíosa nó na fáltais ón réadmhaoin sin a dhíol a fhaightear ó thríú páirtí amháin nó roinnt tríú páirtithe ("neamhchosaintí réadmhaoine"), cuirfidh na hinstitiúidí na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II i bhfeidhm maidir leis an aicme neamhchosaintí sin agus ualaí riosca á sannadh i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. I gcás inarb é is cuspóir le neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe maoiniú a sholáthar chun sócmhainní fisiceacha a fháil, lena n-áirítear go háirithe longa, aerárthaigh, satailítí, cairr iarnróid agus cabhlaigh, agus gurb ionann an t-ioncam a ghinfear leis na sócmhainní sin agus íocaíochtaí léasa nó cíosa a fhaightear ó thríú páirtí amháin nó roinnt tríú páirtithe ("neamhchosaintí um maoiniú réad"), cuirfidh na hinstitiúidí na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III i bhfeidhm maidir leis an aicme neamhchosaintí sin agus ualaí riosca á sannadh i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

4. I gcás inarb é is cuspóir le neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe maoiniú a sholáthar le haghaidh cúlchistí, fardal nó infháltais i leith tráchtearraí arna dtrádáil ar an stocmhalartán lena n-áirítear go háirithe amhola, miotail, nó barra, agus gurb ionann an t-ioncam a ghinfear leis na cúlchistí, fardail nó infháltais sin agus na fáltais ón tráchtearra a dhíol ("neamhchosaintí um maoiniú tráchtearraí"), cuirfidh na hinstitiúidí na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV i bhfeidhm maidir leis an aicme neamhchosaintí sin agus ualaí riosca á sannadh i gcomhréir leis an dara fomhírAirteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Airteagal 2

Measúnú ar leibhéal an fhachtóra agus ualach riosca a shannadh

1. Déanfaidh institiúidí, ar bhonn measúnú foriomlán, catagóir a shannadh do gach fachtóir a leagtar amach san iarscríbhinn is infheidhme maidir leis an aicme neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe i gcomhréir le hAirteagal 1. Maidir le gach neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe, déanfaidh an institiúid an sannadh sin agus na catagóirí a sannadh do gach fo-fhachtóir is infheidhme i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4 á gcur san áireamh, chomh maith leis an tábhacht choibhneasta a bhaineann le gach fo-fhachtóir i ndáil leis an gcineál neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 142(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Sannfaidh an institiúid ualach mar chéatadán nach lú ná 5 % agus nach mó ná 60 % do gach fachtóir, ag féachaint don tábhacht choibhneasta a bhaineann leis maidir leis an gcineál neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe atá i gceist.

3. Cinnfidh an institiúid meán ualaithe na gcatagóirí a sannadh do na fachtóirí, i gcomhréir le mír 1, agus na hualaí a sannadh i gcomhréir le mír 2 á gcur i bhfeidhm. Más uimhir dheachúlach í an meán ualaithe, déanfaidh na hinstitiúidí an uimhir sin a shlánú go dtí an bhunuimhir is gaire.

4. Sannfaidh an institiúid an neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe don chatagóir a leagtar amach i dTábla 1 d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a gcomhfhreagraíonn an uimhir inti don mheán ualaithe arna ríomh i gcomhréir le mír 3.

Airteagal 3

Measúnú ar leibhéal an fho-fhachtóra

1. I gcás nach ndéantar fo-fhachtóir d'fhachtóir áirithe a liostaítear in Iarscríbhinní I, II, III nó IV a shonrú tuilleadh i gcomhpháirteanna fo-fhachtóra, sannfaidh an institiúid catagóir don fho-fhachtóir ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar amach maidir leis an bhfo-fhachtóir sin.

2. I gcás ina ndéantar fo-fhachtóir d'fhachtóir áirithe a liostaítear in Iarscríbhinní I, II, III nó IV a shonrú tuilleadh i gcomhpháirteanna fo-fhachtóra, déanfaidh an institiúid an méid seo a leanas:

(a) catagóir a shannadh do gach comhpháirt fo-fhachtóra ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar amach maidir leis an gcomhpháirt fo-fhachtóra sin;

(b) catagóir a shannadh don fho-fhachtóir ar bhonn measúnú foriomlán arna dhéanamh agus na catagóirí a sannadh i gcomhréir le pointe (a) á gcur san áireamh, chomh maith leis an tábhacht choibhneasta a bhaineann le gach comhpháirt fo-fhachtóra i ndáil leis an gcineál neamhchosanta ar iasachtú speisialaithe.

3. I gcás ina gcuireann an institiúid faisnéis ábhartha bhreise ("tionscnóir riosca breise") san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 171(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le cineál neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe, déanfaidh sí an fhaisnéis sin a mheas i gcomhpháirt leis an bhfo-fhachtóir a chomhfhreagraíonn is mó don tionscnóir riosca breise sin.

4. I gcás, go heisceachtúil, nach bhfuil fo-fhachtóir ná comhpháirt fo-fhachtóra ábhartha i leith na neamhchosaintí uile ar iasachtú speisialaithe a bhaineann le cineál áirithe neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe, féadfaidh an institiúid a chinneadh gan an fo-fhachtóir nó an chomhpháirt fo-fhachtóra sin a chur i bhfeidhm maidir le haon cheann de na neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe den chineál sin.

Airteagal 4

Critéir fhorluiteacha ar leibhéil an fho-fhachtóra agus na comhpháirte fo-fhachtóra

I gcás ina mbaineann critéir mheasúnaithe chomhionanna le fo-fhachtóir nó comhpháirt fo-fhachtóra in dhá chatagóir nó níos mó ("critéir fhorluiteacha"), agus go bhfuil an neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe i gcomhréir leis na critéir fhorluiteacha sin, ní mór d'institiúidí catagóir a shannadh don fho-fhachtóir nó don chomhpháirt fo-fhachtóra mar a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil critéir fhorluiteacha in dhá chatagóir, sannfaidh institiúidí an chatagóir is airde den dá chatagóir;

(b) i gcás ina bhfuil critéir fhorluiteacha i dtrí chatagóir, sannfaidh institiúidí an chatagóir idir an ceann is ísle agus an ceann is airde de na trí chatagóir.

Airteagal 5

Mainneachtain oibleagáideora

De mhaolú ar Airteagail 1 go 4, i gcás ina bhfuil an féichiúnaí ar mainneachtain de réir bhrí Airteagal 178 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sannfaidh an institiúid ualach riosca chatagóir 5 mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Airteagal 153(5) den Rialachán sin don neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe.

Airteagal 6

Doiciméadacht

1. Doiciméadóidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach cineáil neamhchosanta ar iasachtú speisialaithe a sannann siad ualaí riosca ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo:

(a) sannadh ualaí do gach fachtóir i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus an réasúnú a ghabhann leis an sannadh sin;

(b) tuairisc ar thionscnóirí riosca breise agus réasúnú maidir lena gcur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 3(3), i gcás inarb infheidhme;

(c) an réasúnú do chinneadh gan fo-fhachtóir nó comhpháirt fo-fhachtóra áirithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 3(4), i gcás inarb infheidhme.

2. Doiciméadóidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach neamhchosanta ar iasachtú speisialaithe a sannann siad ualaí riosca ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo:

(a) aicme na neamhchosanta ar iasachtú speisialaithe mar a leagtar amach in Airteagal 1;

(b) an chatagóir i dTábla 1 den chéad fhomhír d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 dár sannadh an neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe;

(c) a mbeidh fágtha den téarma dá dtagraítear i dTábla 1 den chéad fhomhír d'Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(d) an measúnú ar an neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe ag gach céim den phróiseas a leagtar síos in Airteagail 2 go 5 ar chúis leis an ualach riosca a shannadh don neamhchosaint.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 14 Aibreán 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Critéir mheasúnaithe le haghaidh neamhchosaintí um maoiniú tionscadail

	Catagóir 1	Catagóir 2	Catagóir 3	Catagóir 4
Fachtóir: láidreacht airgeadais				
(a) Fo-fhachtóir: dálaí an mhargaidh	Níl ach fíorbheagán soláthróirí iomaíocha ann nó tá buntáiste suntasach agus marthanach aige ó thaobh suímh, costais nó teicneolaíochta de. Tá an t-éileamh láidir agus fós ag fás.	Níl ach fíorbheagán soláthróirí iomaíocha ann nó tá an suíomh, costas nó teicneolaíocht níos fearr ná an meán ach d'fhéadfadh sé nach leanfadh an staid sin amhlaidh. Tá an t-éileamh láidir agus cobhsaí.	Níl aon bhuntáiste ag an tionscadal seo ó thaobh suímh, costais, ná teicneolaíochta de. Tá éileamh leordhóthanach ann agus tá sé cobhsaí.	Tá suíomh, costas nó teicneolaíocht níos lú ná an meán ag baint leis an tionscadal. Níl ach éileamh lag ann, atá ag meath.
(b) Fo-fhachtóir: cóimheasa airgeadais (e.g. cóimheas cumhdaigh maidir le fónamh d'fhiachas (DSCR ([1])), Cóimheas Cumhdaigh ar Ús (ICR ([2])), cóimheas cumhdaigh do ré na hiasachta (LLCR ([3])) agus cóimheas fiachais/cothromais)	Cóimheasa airgeadais láidre i bhfianaise leibhéal riosca an tionscadail; toimhdí eacnamaíocha an-láidir.	Cóimheasa airgeadais láidre go hinghlactha i bhfianaise leibhéal riosca an tionscadail; toimhdí eacnamaíocha láidre don tionscadal.	Gnáthchóimheasa airgeadais i bhfianaise leibhéal riosca an tionscadail	Cóimheasa airgeadais diana i bhfianaise leibhéal riosca an tionscadail.
(c) Fo-fhachtóir: anailís struis ar bhonn an ioncaim arna ghiniúint le linn aibíocht na hiasachta ([4])	Féadfar oibleagáidí airgeadais an tionscadail a chomhlíonadh i ndálaí eacnamaíocha nó earnála dianstruis leanúnacha.	Féadfar oibleagáidí airgeadais an tionscadail a chomhlíonadh i ndálaí eacnamaíocha nó earnála faoi ghnáthstrus. Is dócha nach rachaidh an tionscadal ar mainneachtain ach sna dálaí eacnamaíocha is déine.	Tá an tionscadal leochaileach do struis nach annamh iad le linn timthriall eacnamaíoch, agus d'fhéadfadh sé a bheith ar mainneachtain le linn sleabhcadh eacnamaíoch.	Is dócha go mbeidh an tionscadal ar mainneachtain mura dtiocfaidh feabhas ar na dálaí go luath.
(d) Fo-fhachtóir: Struchtúr airgeadais				
• An sceideal amúchta (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Fiachas amúchta gan chnap-aisíocaíocht	Fiachas amúchta gan chnap-aisíocaíocht nó gan ach cnap-aisíocaíocht neamhshuntasach	Aisíocaíochtaí fiachais amúchta le cnap-aisíocaíocht theoranta	Cnap-aisíocaíocht nó aisíocaíochtaí fiachais amúchta le cnap-aisíocaíocht ard
• Margadh/timthriall agus riosca athmhaoinithe (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Níl aon neamhchosaint ar riosca margaidh ná timthrialla ann, nó níl ach fíorbheagán neamhchosanta ar a leithéid, ós rud é go gcumhdófar na haisíocaíochtaí iasachta uile amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais agus nach mbeidh aon mhoilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Níl aon riosca athmhaoinithe ann nó níl ach fíorbheagán riosca athmhaoinithe ann.	Níl ach neamhchosaint theoranta ar riosca margaidh ná timthrialla ann ós rud é go gcumhdófar tromlach na n-aisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais agus nach mbeidh aon mhoilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Níl ach riosca athmhaoinithe íseal ann.	Tá neamhchosaint mheasartha ar riosca margaidh nó timthrialla ann ós rud é nach gcumhdófar ach cuid de na haisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais nó go bhfuil roinnt moilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Meánriosca athmhaoinithe.	Tá neamhchosaint shuntasach ar riosca margaidh nó timthrialla ann ós rud é nach gcumhdófar ach cuid bheag de na haisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais nó go bhfuil roinnt moilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Ardriosca athmhaoinithe.

(e) Fo-fhachtóir: riosca malairte eachtraí	Níl aon riosca malairte eachtraí i gceist mar níl aon difríocht idir airgeadra na hiasachta agus ioncam an tionscadail nó toisc go bhfuil an riosca malairte eachtraí fálaithe go hiomlán.	Níl aon riosca malairte eachtraí i gceist mar níl aon difríocht idir airgeadra na hiasachta agus ioncam an tionscadail nó toisc go bhfuil an riosca malairte eachtraí fálaithe go hiomlán.	Tá difríocht idir airgeadra na hiasachta agus ioncam an tionscadail, ach meastar an riosca malairte eachtraí a bheith íseal toisc go bhfuil an ráta malairte cobhsaí nó toisc go bhfuil an riosca malairte eachtraí fálaithe den chuid is mó.	Tá difríocht idir airgeadra na hiasachta agus ioncam an tionscadail, agus meastar an riosca malairte eachtraí a bheith ard toisc go bhfuil an ráta malairte luaineach agus toisc nach bhfuil an riosca malairte eachtraí fálaithe den chuid is mó.
Fachtóir: an timpeallacht pholaitiúil agus dhlíthiúil				
(a) Fo-fhachtóir: riosca polaitiúil, lena n-áirítear aistriú riosca, agus an cineál tionscadail agus maolaitheoirí á gcur san áireamh	Neamhchosaint an-bheag; ionstraimí maolaithe láidre, más gá	Neamhchosaint bheag; ionstraimí maolaithe sásúla, más gá	Neamhchosaint mheasartha; ionstraimí maolaithe réasúnta	Neamhchosaint ard; gan aon ionstraimí maolaithe nó ionstraimí maolaithe laga
(b) Fo-fhachtóir: riosca *force majeure* (cogadh, corraíl shibhialta, etc.)	Gan aon neamhchosaint nó neamhchosaint an-bheag ar riosca *force majeure*	Neamhchosaint theoranta ar riosca *force majeure*	Neamhchosaint shuntasach ar riosca *force majeure* nach ndéantar maolú suntasach ina leith	Neamhchosaint shuntasach ar riosca *force majeure* nach ndéantar maolú ina leith
(c) Fo-fhachtóir: tacaíocht ón rialtas agus tábhacht an tionscadail don tír san fhadtéarma	Meastar go mbaineann tábhacht straitéiseach leis an tionscadal don tír (a bheidh dírithe ar onnmhairiú, más féidir). Tacaíocht láidir ón Rialtas.	Meastar go bhfuil an tionscadal tábhachtach don tír. Tacaíocht mhaith ón Rialtas.	B'fhéidir nach tionscadal straitéiseach é ach níl aon amhras go mbainfidh an tír tairbhí as. D'fhéadfadh nach bhfuil tacaíocht ón Rialtas sainráite.	Níl an tionscadal fíortábhachtach don tír. Ní bhfuarthas aon tacaíocht ón Rialtas nó ní bhfuarthas ach tacaíocht lag.
(d) Fo-fhachtóir: cobhsaíocht na timpeallachta dlíthiúla nó rialála (riosca d'athrú sa dlí)	Timpeallacht rialála fhabhrach agus chobhsaí san fhadtéarma	Timpeallacht rialála fhabhrach agus chobhsaí sa mheántéarma	Is féidir athruithe rialála a thuar le leibhéal réasúnta cinnteachta	Féadfaidh saincheisteanna rialála atá ann faoi láthair nó a bheidh ann sa todhchaí cur isteach ar an tionscadal
(e) Fo-fhachtóir: na tacaíochtaí agus formheasanna uile is gá a fháil maidir le faoiseamh den sórt sin ó dhlíthe áitiúla maidir le hábhar	Láidir	Sásúil	Réasúnta	Lag
(f) Fo-fhachtóir: in-fhorfheidhmitheacht na gconarthaí, na comhthaobhachta agus an urrúis	Tá na conarthaí, an chomhthaobhacht agus an t-urrús infhorfheidhmithe le dlí.	Tá na conarthaí, an chomhthaobhacht agus an t-urrús infhorfheidhmithe le dlí.	Tá na conarthaí, an chomhthaobhacht agus an t-urrús infhorfheidhmithe le dlí cé go bhféadfadh roinnt saincheisteanna neamhthábhachtacha a bheith ann.	Tá roinnt príomh-shaincheisteanna ann gan réiteach, a bhaineann le forfheidhmiú iarbhír conarthaí, comhthaobhachta agus urrúis.

Fachtóir: saintréithe an idirbhirt				
(a) Fo-fhachtóir: riosca dearaidh agus teicneolaíochta	Teicneolaíocht agus dearadh atá cruthaithe go hiomlán	Teicneolaíocht agus dearadh atá cruthaithe go hiomlán	Teicneolaíocht agus dearadh cruthaithe — maolaítear saincheisteanna tionscanta le pacáiste láidir um chur i gcrích	Teicneolaíocht agus dearadh neamhchruthaithe; tá saincheisteanna teicneolaíochta ann agus/nó tá dearadh casta i gceist.
(b) Fo-fhachtóir: riosca foirgníochta				
• Ceadú agus láithreánú (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Fuarthas na ceadanna go léir	Tá roinnt ceadanna fós le fáil ach meastar gur ródhócha go bhfaighfear iad	Tá roinnt ceadanna fós le fáil ach tá an próiseas ceadúnúcháin dea-shainithe agus meastar gur gnáthnós iad.	Is gá príomhcheadanna a fháil fós agus meastar nach gnáthnós iad. Féadfar coinníollacha suntasacha a chur i gceangal leis.
• An cineál conartha foirgníochta (comhpháirt an fho-fhachtóra)	CISP foirgníochta lándéanta le dáta cinnte agus praghas seasta ([5]) (conradh innealtóireachta agus soláthair phoiblí)	CISP foirgníochta lándéanta le dáta cinnte agus praghas seasta	CISP foirgníochta lándéanta le dáta cinnte agus praghas seasta le conraitheoir amháin nó roinnt conraitheoirí	Gan aon chonradh lándéanta le praghas seasta, nó ceann páirteach a bheith ann, agus/nó saincheisteanna idirphlé le go leor conraitheoirí
• An dóchúlacht go gcuirfear an tionscadal i gcrích ag an am arna chomhaontú agus ar an gcostas arna chomhaontú (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Is beagnach cinnte go gcuirfear an tionscadal i gcrích laistigh den tréimhse ama comhaontaithe agus ar an gcostas comhaontaithe.	Is ródhócha go gcuirfear an tionscadal i gcrích laistigh den tréimhse ama comhaontaithe agus ar an gcostas comhaontaithe.	Ní fios an gcuirfear an tionscadal i gcrích laistigh den tréimhse ama comhaontaithe agus ar an gcostas comhaontaithe.	Tugtar le fios nach gcuirfear an tionscadal i gcrích laistigh den tréimhse ama comhaontaithe agus ar an gcostas comhaontaithe.
• Ráthaíochtaí comhlíonta ([6]) nó damáistí leachtaithe ([7]) (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Damáistí leachtaithe substaintiúla arna dtacú le hacmhainn airgeadais agus/nó ráthaíocht chomhlíonta láidir ó urraitheoirí a bhfuil seasamh airgeadais den scoth acu	Damáistí leachtaithe suntasacha arna dtacú le hacmhainn airgeadais agus/nó ráthaíocht chomhlíonta ó urraitheoirí a bhfuil seasamh airgeadais maith acu	Damáistí leachtaithe leordhóthanacha arna dtacú le hacmhainn airgeadais agus/nó ráthaíocht chomhlíonta ó urraitheoirí a bhfuil seasamh airgeadais maith acu	Damáistí leachtaithe neamhleora nó nach dtacaítear leo le hacmhainn airgeadais nó lena mbaineann ráthaíochtaí comhlíonta laga
• Cuntas teiste agus láidreacht airgeadais an chonraitheora agus tionscadail chomh-chosúla á bhfoirgniú aige (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Láidir	Go maith	Sásúil	Lag

(c) Fo-fhachtóir: riosca oibriúcháin				
• Raon feidhme, cineál agus castacht na gconarthaí oibríochtaí agus cothabhála (O&C) (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Conradh O&C fadtéarmach láidir ([8]), le dreasachtaí feidhmíochta conarthacha más féidir ([9]), agus/nó cuntais chúlchiste O&C ([10]), cé nach bhfuil fíorghá le conradh O&C chun an chothabháil a éilítear a dhéanamh mar tá na gníomhaíochtaí O&C simplí agus trédhearcach.	Tá na gníomhaíochtaí O&C cuibheasach simplí agus trédhearcach, agus tá conradh O&C fadtéarmach agus/nó cuntas cúlchiste O&C ann.	Tá na gníomhaíochtaí O&C casta agus tá gá le conradh O&C. Tá conradh O&C fadtéarmach teoranta agus/nó cuntas cúlchiste i gceist.	Tá na gníomhaíochtaí O&C casta agus tá fíorghá le conradh O&C. Níl aon chonradh O&C ann. Dá bhrí sin, tá riosca de róchaiteachas oibriúcháin ard ann nach bhféadfaí é a mhaolú.
• Saineolas, cuntas teiste agus láidreacht airgeadais an oibreora (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Cúnamh teicniúil an-láidir, nó tiomanta, ó na hurraitheoirí	Láidir	Inghlactha	Teoranta/lag, nó tá an t-oibreoir áitiúil ag brath ar na húdaráis áitiúla
(d) Fo-fhachtóir: measúnú ioncaim, lena n-áirítear riosca um cheannach earraí ([11])				
• Cé chomh láidir agus atá na conarthaí ioncaim (e.g. conarthaí um cheannach earraí ([12]), comhaontuithe lamháltais, ioncam a ghintear trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí, agus conarthaí ioncaim eile)? Cén cháilíocht atá sna clásail foirceanta ([13])? (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Ioncaim an-láidir ar fad	Ioncaim láidre	Ioncaim inghlactha ó thaobh láidreachta de	Ní féidir a bheith cinnte faoi ioncaim an tionscadail agus tugtar le fios go bhfuil seans nach bhféadfaí cuid de na hioncaim a fháil.
• Má tá conradh ann lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta ([14]) nó conradh praghais sheasta um cheannach earraí (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Acmhainneacht creidmheasa den scoth an cheannaitheora; clásail foirceanta láidre; tá aibíocht an chonartha i bhfad níos faide ná dáta aibíochta an fhiachais.	Acmhainneacht creidmheasa mhaith an cheannaitheora; clásail foirceanta láidre; tá aibíocht an chonartha níos faide ná dáta aibíochta an fhiachais.	Seasamh airgeadais inghlactha an cheannaitheora; gnáthchlásail foirceanta; tá aibíocht an chonartha i gcomhréir le dáta aibíochta an fhiachais go ginearálta.	Ceannaitheoir lag; clásail foirceanta laga; níl aibíocht an chonartha níos faide ná dáta aibíochta an fhiachais.
• Mura bhfuil aon chonradh ann lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta ná aon chonradh praghais sheasta um cheannach earraí (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Táirgeann an tionscadal seirbhísí fíor-riachtanacha nó tráchtearra a dhíoltar go forleathan ar mhargadh domhanda; féadfar an t-aschur a ghlacadh go héasca ar na praghsanna réamh-mheasta fiú má tá rátaí fáis an mhargaidh níos lú ná mar a bhí cheana.	Táirgeann an tionscadal seirbhísí fíor-riachtanacha nó tráchtearra a dhíoltar go forleathan ar mhargadh réigiúnach, ina nglacfar é ar na praghsanna réamh-mheasta ag na rátaí fáis stairiúla.	Díoltar an tráchtearra ar mhargadh teoranta nach mbeidh ábalta é a ghlacadh ach ar phraghsanna níos lú ná na praghsanna réamh-mheasta.	Níl ach ceannaitheoir amháin nó fíorbheagán ceannaitheoirí a éilíonn an táirge nó ní dhíoltar é ar mhargadh eagraithe de ghnáth.

(e) Fo-fhachtóir: riosca soláthair				
• Riosca maidir le praghas, méid agus iompar stoc beatha; cuntas teiste agus láidreacht airgeadais an tsoláthróra (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Conradh soláthair fadtéarmach le soláthróir a bhfuil seasamh airgeadais den scoth aige.	Conradh soláthair fadtéarmach le soláthróir a bhfuil seasamh airgeadais maith aige.	Conradh soláthair fadtéarmach le soláthróir a bhfuil seasamh airgeadais maith aige — d'fhéadfadh riosca praghais áirithe a bheith ann fós.	Conradh soláthair gearrthéarmach nó conradh soláthair fadtéarmach le soláthróir a bhfuil seasamh airgeadais lag aige — is cinnte go bhfuil riosca praghais áirithe fós ann.
• Rioscaí cúlchiste ([15]) (e.g. forbairt acmhainní nádúrtha) (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Cúlchistí arna n-iniúchadh, arna gcruthú agus arna bhforbairt go neamhspleách atá i bhfad níos mó ná mar atá ag teastáil thar shaolré an tionscadail.	Cúlchistí arna n-iniúchadh, arna gcruthú agus arna bhforbairt go neamhspleách atá níos mó ná mar atá ag teastáil thar shaolré an tionscadail.	Féadfar cúlchistí cruthaithe a chur ar fáil don tionscadal go leordhóthanach le linn dháta aibíochta an fhiachais.	Braitheann an tionscadal, go méid áirithe, ar chúlchistí féideartha agus neamhfhorbartha.
Fachtóir: láidreacht an urraitheora (lena n-áirítear aon chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí)				
(a) Fo-fhachtóir: láidreacht airgeadais an urraitheora	Urraitheoir láidir a bhfuil seasamh airgeadais ard aige	Urraitheoir maith a bhfuil seasamh airgeadais maith aige	Urraitheoir a bhfuil seasamh airgeadais leordhóthanach aige	Urraitheoir lag ar léir go bhfuil laigí airgeadais aige
(b) Fo-fhachtóir: cuntas teiste an urraitheora agus an taithí atá aige sa tír/earnáil	Urraitheoir a bhfuil cuntas teiste agus taithí den scoth aige sa tír/earnáil	Urraitheoir a bhfuil cuntas teiste agus taithí shásúil aige sa tír/earnáil	Urraitheoir a bhfuil cuntas teiste agus taithí leordhóthanach aige sa tír/earnáil	Urraitheoir nach bhfuil aon chuntas teiste ná taithí aige sa tír/earnáil nó a bhfuil amhras faoin gcuntas teiste nó faoin taithí sin
(c) Fo-fhachtóir: tacaíocht ó urraitheoir, mar a léirítear le cothromas, clásal úinéireachta ([16]) agus spreagadh chun airgead breise a infheistiú sa tionscadal más gá	Láidir. Is tionscadal an-straitéiseach é don urraitheoir (príomhghnó — straitéis fhadtéarmach).	Go maith. Is tionscadal straitéiseach é don urraitheoir (príomhghnó — straitéis fhadtéarmach).	Inghlactha. Meastar go bhfuil an tionscadal tábhachtach don urraitheoir (príomhghnó).	Teoranta. Níl an tionscadal fíorthábhachtach do straitéis fhadtéarmach ná príomhghnó an urraitheora.
Fachtóir: pacáiste slándála				
(a) Fo-fhachtóir: sannadh conarthaí agus cuntas	Lánchuimsitheach	Cuimsitheach	Inghlactha	Lag
(b) Fo-fhachtóir: sócmhainní a chur i ngeall, agus cáilíocht, luach agus leachtacht na sócmhainní á gcur san áireamh	An chéad leas urrúis comhlánaithe ([17]) i sócmhainní, conarthaí, ceadanna agus cuntais uile an tionscadail a bhfuil gá leo chun an tionscadal a reáchtáil	An leas urrúis comhlánaithe i sócmhainní, conarthaí, ceadanna agus cuntais uile an tionscadail a bhfuil gá leo chun an tionscadal a reáchtáil	Leas urrúis inghlactha i sócmhainní, conarthaí, ceadanna agus cuntais uile an tionscadail a bhfuil gá leo chun an tionscadal a reáchtáil	Fíorbheagán urrúis nó comhthaobhachta d'iasachtóirí; clásal lag um ghealltán diúltach ([18])

(c) Fo-fhachtóir: rialú an iasachtóra ar an sreabhadh airgid (e.g. scuaibíní airgid ([19]), cuntais eascró neamhspleácha ([20]))	Láidir	Sásúil	Réasúnta	Lag
(d) Fo-fhachtóir: láidreacht an phacáiste cúnaint (réamhíocaíochtaí éigeantacha ([21]), iarchur íocaíochtaí ([22]), cascáid íocaíochta ([23]), srianta maidir le díbhinní ([24]) …)	Tá an pacáiste cúnaint láidir don chineál seo tionscadail. Ní fhéadfaidh an tionscadal aon fhiachas breise a eisiúint.	Tá an pacáiste cúnaint sásúil don chineál seo tionscadail. Féadfaidh an tionscadal fiachas breise an-teoranta a eisiúint.	Tá an pacáiste cúnaint réasúnta don chineál seo tionscadail. Féadfaidh an tionscadal fiachas breise teoranta a eisiúint.	Ní leor an pacáiste cúnaint don chineál seo tionscadail. Féadfaidh an tionscadal fiachas breise neamhtheoranta a eisiúint.
(e) Fo-fhachtóir: cúlchistí (fiach-sheirbhís, O&C, athnuachan agus athsholáthar, imeachtaí gan choinne, etc.)	Tréimhse cumhdaigh níos faide ná an meán, na cúlchistí uile á maoiniú go hiomlán le hairgead tirim nó le litreacha creidmheasa ó bhanc ag a bhfuil ardrátáil	Meántréimhse cumhdaigh, na cúlchistí uile á maoiniú go hiomlán	Meántréimhse cumhdaigh, na cúlchistí uile á maoiniú go hiomlán	Tréimhse cumhdaigh níos giorra ná an meán, cúlchistí á maoiniú ó na sreafaí airgid oibriúcháin

([1]) Tagraíonn an Cóimheas Cumhdaigh maidir le Fónamh d'Fhiachas ("DSCR") don chóimheas idir an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse ar féidir a ghiniúint ón tsócmhainn agus an aisíocaíocht a éilítear ar an bpríomhshuim agus na híocaíochtaí úis le linn ré na hiasachta, i gcás ina ndéantar an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse a ríomh tríd an gcaiteachas riaracháin, caiteachas caipitiúil, fiachas agus maoiniú cothromais, cánacha agus coigeartuithe caipitil oibre a asbhaint ón ioncam a ghineann an tionscadal.

([2]) Tagraíonn an Cóimheas Cumhdaigh ar Ús ("ICR") don chóimheas idir an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse ar féidir a ghiniúint ón tsócmhainn agus aisíoc na n-íocaíochtaí úis a éilítear le linn ré na hiasachta, i gcás ina ndéantar an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse a ríomh tríd an gcaiteachas riaracháin, caiteachas caipitiúil, fiachas agus maoiniú cothromais, cánacha agus coigeartuithe caipitil oibre a asbhaint ón ioncam a ghineann an tionscadal.

([3]) Tagraíonn an Cóimheas Cumhdaigh do Ré na hIasachta ("LLCR") don chóimheas idir glanluach reatha an tsreafa airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse agus iarmhéid an fhiachais gan íoc, agus tagraíonn sé don mhéid uaireanta a d'fhéadfaí iarmhéid an fhiachais gan íoc a aisíoc leis an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse ar féidir a ghiniúint ón tsócmhainn i gcaitheamh ré na hiasachta, i gcás ina ndéantar an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse a ríomh tríd an gcaiteachas riaracháin, caiteachas caipitiúil, fiachas agus maoiniú cothromais, cánacha agus coigeartuithe caipitil oibre a asbhaint ón ioncam a ghineann an tionscadal.

([4]) Tagraíonn aibíocht iasachta don mhéid ama atá fágtha chun an iasacht a aisíoc.

([5]) Tagraíonn Conradh Innealtóireachta agus Soláthair Phoiblí ("CISP") nó "conradh lándéanta" do chomhaontú idir an conraitheoir innealtóireachta agus soláthair phoiblí (conraitheoir CISP) agus an forbróir, ina gcomhaontaíonn an conraitheoir CISP go ndéanfaidh sé dearadh innealtóireachta mionsonraithe an tionscadail a fhorbairt, an trealamh agus na hábhair go léir a mbeidh gá leo a fháil, agus saoráid nó sócmhainn fheidhmiúil a fhoirgniú agus a sholáthar don fhorbróir, laistigh de thréimhse agus buiséad comhaontaithe.

([6]) Tagraíonn ráthaíocht chomhlíonta do ráthaíocht a sholáthraíonn an conraitheoir d'iasachtóirí an tionscadail go nglacfaidh siad orthu féin an tionscadal a chur i gcrích laistigh den tréimhse ama sonraithe, agus go n-íocfaidh siad as aon róchaiteachas, más ann dó.

([7]) Tagraíonn damáiste leachtaithe do chúiteamh airgeadaíochta i ndáil le caillteanas, díobháil nó dochar do chearta nó maoin duine, arna dhámhachtain le breithiúnas cúirte nó le coinníoll conartha maidir le conradh a sárú.

([8]) Tagraíonn conradh Oibríochtaí agus Cothabhála ("O&C") do chonradh idir an forbróir agus an t-oibreoir. Déanann an forbróir oibriú agus cothabháil an tionscadail, chomh maith le bainistiú fheidhmíocht an tionscadail go minic, a tharmligean chuig oibreoir a bhfuil saineolas aige ar an tionscal faoi théarmaí an chonartha O&C (i.e. raon feidhme, téarma, freagracht an oibreora, táillí, agus damáistí leachtaithe).

([9]) Tagraíonn dreasachtaí feidhmíochta nó conraitheoireacht bunaithe ar fheidhmíocht do mhéadracht feidhmíochta straitéiseach lena gceanglaítear íocaíocht chonartha go díreach leis an méadracht feidhmíochta sin. Féadfar infhaighteacht, iontaofacht, inchothabháilteacht agus cumas tacaíochta a thomhas le méadracht feidhmíochta.

([10]) Tagraíonn cuntas cúlchiste O&C do chiste ina dtaisctear airgead lena úsáid chun críche costais oibriúcháin agus chothabhála an tionscadail a chomhlíonadh.

([11]) Tagraíonn riosca um cheannach earraí don riosca nach mbeadh éileamh ar an aschur nó ar an tseirbhís ag an bpraghas ar a gcuirfear ar fáil é/í nó don riosca nach mbeadh ceannaitheoir na n-earraí ábalta a ghealltanas a chomhlíonadh i ndáil leis an aschur nó an tseirbhís a cheannach nó go ndiúltódh sé a leithéid a dhéanamh.

([12]) Tagraíonn conradh um cheannach earraí do chonradh idir táirgeoir acmhainne/táirge/seirbhíse agus ceannaitheoir acmhainne chun codanna den táirge a bheidh ag an táirgeoir amach anseo a cheannach nó a dhíol. Déantar conradh um cheannach earraí a chaibidliú de ghnáth sula bhfoirgneofar saoráid chun margadh a dhearbhú le haghaidh aschur na saoráide amach anseo. Is é an cuspóir ioncam cobhsaí agus leordhóthanach a chur ar fáil don táirgeoir chun a oibleagáid fiachais a íoc, na costais oibriúcháin a chumhdach agus toradh áirithe arna éilliú a sholáthar.

([13]) Tagraíonn clásal foirceanta d'fhoráil i gconradh lena gceadaítear dá fhoirceannadh i ndálaí sonraithe.

([14]) Tagraíonn conradh lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta do chonradh ina gcomhaontaítear go gceannóidh cliant an t-aschur nó an tseirbhís ón soláthróir nó go n-íocfaidh an cliant pionós leis an soláthróir. Tá an praghas agus an pionós araon socraithe sa chonradh.

([15]) Tagraíonn riosca cúlchiste don riosca go mbeadh na cúlchistí a bhfuil fáil orthu níos lú ná mar a measadh.

([16]) Tagraíonn clásal úinéireachta d'fhoráil lena luaitear nach féidir le heintiteas difriúil leis an úinéir iarbhír (urraitheoir) a bheith mar úinéir an tionscadail.

([17]) Tagraíonn céad leas urrúis comhlánaithe do leas urrúis i sócmhainn (morgáistithe mar chomhthaobhacht) arna chosaint ar éilimh ó pháirtithe eile. Déantar lian a chomhlánú trína chlárú le húdarás reachtúil iomchuí ionas go mbeadh sé infhorfheidhmithe le dlí agus go dtabharfaí stádas sóisearach d'aon éileamh ar an tsócmhainn sin ina dhiaidh sin.

([18]) Tagraíonn clásal um ghealltán diúltach d'fhoráil lena léirítear nach gcuirfidh an institiúid aon chuid dá sócmhainní i ngeall más rud é go mbeadh níos lú urrúis ag na hiasachtóirí mar thoradh.

([19]) Tagraíonn scuaibín airgid d'úsáid éigeantach an fharasbairr de shreafaí airgid atá fágtha chun an fiachas atá amuigh a íoc seachas é a dháileadh ar na scairshealbhóirí.

([20]) Tagraíonn cuntas eascró neamhspleách do chuntas arna shealbhú ag banc in ainm an urraitheora, arna thacú le comhaontú cuntais eascró idir an t-iasachtóir agus an t-iasachtaí lena bhforáiltear d'orduithe neamh-inchúlghairthe ón iasachtaí ina luaitear go ndéanfar an t-ioncam oibriúcháin nó na fáltais uile ó shócmhainní an tionscadail a dhíol a íoc isteach sa chuntas seo, agus i gcás ina dtugtar údarú don bhanc chun íocaíochtaí a dhéanamh ó na cistí atá ar fáil amháin de réir mar a chomhaontaítear sna doiciméid um maoiniú an tionscadail.

([21]) Tagraíonn réamhíocaíocht éigeantach d'fhoráil lena n-éilítear ar an iasachtaí cion den fhiachas a réamhíoc le fáltais áirithe más rud é go bhfaightear iad roimh an dáta aibíochta.

([22]) Tagraíonn iarchur íocaíochta d'fhoráil lena léirítear go gceadófar don iasachtaí tús a chur le roinnt íocaíochtaí a dhéanamh ag am arna shonrú sa todhchaí.

([23]) Tagraíonn cascáid íocaíochta d'fhoráil ina ndéantar achoimre ar shreafaí airgid an tionscadail agus cascáid sreafa airgid á húsáid, lena léirítear tosaíocht gach insreafa airgid agus eis-sreafa airgid.

([24]) Tagraíonn srian ar dhíbhinní d'fhoráil lena sainmhínítear na cúinsí ina bhféadfaidh an t-iasachtóir dáileadh cothromais a chosc.

IARSCRÍBHINN II

Critéir mheasúnaithe le haghaidh neamhchosaintí réadmhaoine

	Catagóir 1	Catagóir 2	Catagóir 3	Catagóir 4
Fachtóir: láidreacht airgeadais				
(a) Fo-fhachtóir: dálaí an mhargaidh	Tá an soláthar agus an t-éileamh i ndáil le cineál agus suíomh an tionscadail i gcothromaíocht faoi láthair. Tá líon na maoine iomaíocha atá ag teacht ar an margadh cothrom leis an éileamh a réamh-mheasadh nó níos lú ná sin.	Tá an soláthar agus an t-éileamh i ndáil le cineál agus suíomh an tionscadail i gcothromaíocht faoi láthair. Tá líon na maoine iomaíocha atá ag teacht ar an margadh cothrom leis an éileamh a réamh-mheasadh a bheag nó a mhór.	Tá dálaí an mhargaidh i gcothromaíocht a bheag nó a mhór. Tá maoine iomaíocha ag teacht ar an margadh agus tá cinn eile ag na céimeanna pleanála. Níl dearadh ná cumais maoine inchomparáide atá ann cheana féin úrscothach i gcomparáid leis tionscadail nua.	Tá dálaí an mhargaidh lag. Ní fios cathain a thiocfaidh feabhas ar dhálaí agus go mbeidh siad i gcothromaíocht arís. Tá tionóntaí á gcailleadh ag maoine inchomparáide sa mhargadh ar éag don léas. Níl téarmaí léasa nua maoine inchomparáide chomh fabhrach sin i gcomparáid leis na cinn atá ann cheana féin.
(b) Fo-fhachtóir: cóimheasa airgeadais, i.e. Táscairí ar chumas aisíoctha an iasachtóra	Maidir le cóimheasa airgeadais na maoine, arna dtomhas de réir chóimheas cumhdaigh maidir le fónamh d'fhiachas (DSCR ([1])) nó chóimheas cumhdaigh ar ús (ICR ([2])) na maoine, meastar go bhfuil siad láidir agus meastar go bhfanfaidh siad láidir agus éabhlóid na gcóimheas airgeadais roimhe seo á cur san áireamh. Níl DSCR ná ICR ábhartha agus níor cheart iad a ríomh le haghaidh maoine atá i gcéim na foirgníochta.	Maidir le cóimheasa airgeadais na maoine, arna dtomhas de réir DSCR nó ICR na maoine, meastar go bhfuil siad go maith agus meastar go bhfanfaidh siad go maith agus éabhlóid na gcóimheas airgeadais roimhe seo á cur san áireamh. Níl DSCR ná ICR ábhartha agus níor cheart iad a ríomh le haghaidh maoine atá i gcéim na foirgníochta.	Maidir le cóimheasa airgeadais na maoine, arna dtomhas de réir DSCR nó ICR na maoine, meastar go bhfuil siad sásúil agus meastar go bhfanfaidh siad sásúil agus éabhlóid na gcóimheas airgeadais roimhe seo á cur san áireamh. Níl DSCR ná ICR ábhartha agus níor cheart iad a ríomh le haghaidh maoine atá i gcéim na foirgníochta.	Maidir le cóimheasa airgeadais na maoine, arna dtomhas de réir DSCR nó ICR na maoine, meastar go bhfuil siad lag agus meastar go bhfanfaidh siad lag agus éabhlóid na gcóimheas airgeadais roimhe seo á cur san áireamh. Níl DSCR ná ICR ábhartha agus níor cheart iad a ríomh le haghaidh maoine atá i gcéim na foirgníochta.
(c) Fo-fhachtóir: réamhchóimheas, i.e. an cóimheas iasachta/luacha ([3]) mar léiriú ar thoilteanas an iasachtóra é a aisíoc	Meastar cóimheas iasachta/luacha na maoine a bheith íseal i bhfianaise an chineáil maoine. I gcás ina bhfuil margadh tánaisteach ann, déantar an t-idirbheart a fhrithghealladh go dtí caighdeáin an mhargaidh.	Meastar cóimheas iasachta/luacha na maoine a bheith sásúil i bhfianaise an chineáil maoine. I gcás ina bhfuil margadh tánaisteach ann, déantar an t-idirbheart a fhrithghealladh go dtí caighdeáin an mhargaidh.	Meastar cóimheas iasachta/luacha na maoine a bheith cuibheasach ard i bhfianaise an chineáil maoine.	Tá cóimheas iasachta/luacha na maoine i bhfad níos airde ná na caighdeáin frithgheallta le haghaidh iasachtaí nua.
(d) Fo-fhachtóir: anailís struis ar bhonn an ioncaim arna ghiniúint le linn aibíocht na hiasachta ([4])	Cuireann acmhainní, cúlchistí teagmhasacha agus struchtúr dliteanais na maoine ar a cumas a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh le linn tréimhse dianstruis eacnamaíoch (e.g. rátaí úis, fás eacnamaíoch).	Féadfaidh an mhaoin a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh le linn tréimhse struis eacnamaíoch leanúnach (e.g. rátaí úis, fás eacnamaíoch). Is dócha nach mbeidh an mhaoin ar mainneachtain ach sna dálaí eacnamaíocha is déine.	Le linn sleabhcadh eacnamaíoch, laghdódh ioncam na maoine agus bheadh riosca níos mó de mhainneachtain ann dá thoradh.	Tá riocht airgeadais na maoine faoi bhrú agus is dócha go mbeidh sí ar mainneachtain mura dtiocfaidh feabhas ar na dálaí go luath.

(e) Fo-fhachtóir: intuarthacht na sreafaí airgid				
• Le haghaidh maoin chomhlán agus chobhsaithe (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Tá léasanna fadtéarmacha ag baint leis an maoin agus tá tionóntaí inchairde ann a bhfuil a ndátaí aibíochta scaipthe, nó ráthaítear cuid shuntasach de na conarthaí tionóntachta le comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí. D'fhan tionóntaí sa mhaoin ar éag don léas i gcásanna roimhe seo. Bíonn ráta folúntais íseal ann. Is féidir an caiteachas (cothabháil, árachas, slándáil, agus cánacha maoine) a thuar.	Tá roinnt conarthaí léasa tionónta fadtéarmacha ag formhór na maoine, le tionóntaí a bhfuil acmhainneacht creidmheasa ard acu ar an meán, agus a bhfuil dátaí aibíochta scaipthe acu. Féadfaidh comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí cuid de na conarthaí tionóntachta a ráthú. I gcás nach bhfuil ach conradh léasa amháin ag an maoin nó go dtagann cion an-suntasach den ioncam a ghineann an mhaoin ó thionónta amháin, tá acmhainneacht creidmheasa den scoth ag an tionónta sin agus áirítear leis an gconradh cúnaint lena n-áirithítear íocaíochtaí léasa go dtí deireadh shaolré an tionscadail nó ina dhiaidh sin. Bíonn gnáthleibhéal athraithe tionóntaí ag an maoin ar éag do na léasacha. Bíonn ráta folúntais íseal ann. Is féidir an caiteachas a thuar.	Is léasanna meántéarmacha seachas fadtéarmacha iad formhór léasanna na maoine, le tionóntaí d'acmhainneacht creidmheasa éagsúil. Ní fhéadfaidh comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí ach cuid bheag de na conarthaí tionóntachta a ráthú. I gcás nach bhfuil ach conradh léasa amháin ag an maoin nó go dtagann cion an-suntasach den ioncam a ghineann an mhaoin ó thionónta amháin, áirítear leis an gconradh cúnaint lena n-áirithítear íocaíochtaí léasa go dtí deireadh shaolré an tionscadail nó ina dhiaidh sin ach tá acmhainneacht creidmheasa mheasartha ag an tionónta. Bíonn leibhéal measartha athraithe tionóntaí ag an maoin ar éag do na léasacha. Bíonn ráta folúntais measartha ann. Is féidir an caiteachas a thuar den chuid is mó ach bíonn sé éagsúil i ndáil leis an ioncam.	Tá méid suntasach léasanna gearrthéarmacha ann le tionóntaí d'acmhainneacht creidmheasa éagsúil, nó níl ach conradh léasa amháin ag an maoin, nó tagann cion an-suntasach den ioncam a ghineann an mhaoin ó thionónta amháin, i gcás ina bhfuil acmhainneacht creidmheasa íseal ag an tionónta sin agus/nó ní áirítear leis an gconradh na cúnaint is gá chun íocaíochtaí léasa a áirithiú go dtí deireadh shaolré an tionscadail nó ina dhiaidh sin. Bíonn leibhéal an-ard athraithe tionóntaí ag an maoin ar éag do na léasacha. Bíonn leibhéal ard folúntais ann. Tabhaítear caiteachas suntasach agus an spás á ullmhú do thionóntaí nua.
• Le haghaidh maoin chomhlán nach bhfuil cobhsaithe (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Tá na sreafaí airgid a fhaightear ón ngníomhaíocht léasaithe, a fhaightear ó chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí mar shampla, i gcomhréir leis na sreafaí airgid ionchais a úsáideadh agus an mhaoin á luacháil, nó níos mó ná na sreafaí airgead ionchais sin. Ba cheart go n-éireodh an tionscadal cobhsaí go luath amach anseo.	Tá na sreafaí airgid a fhaightear ón ngníomhaíocht léasaithe, a fhaightear ó chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí mar shampla, i gcomhréir leis na sreafaí airgid ionchais a úsáideadh agus an mhaoin á luacháil, nó níos mó ná na sreafaí airgead ionchais sin. Ba cheart go n-éireodh an tionscadal cobhsaí go luath amach anseo.	Tá tromlach na sreafaí airgid a fhaightear ón ngníomhaíocht léasaithe i gcomhréir leis na sreafaí airgid ionchais a úsáideadh agus an mhaoin á luacháil, ach ní tharlóidh cobhsú go ceann tamaill áfach.	Níl na sreafaí airgid a fhaightear ón ngníomhaíocht léasaithe i gcomhréir leis na sreafaí airgid ionchais a úsáideadh agus an mhaoin á luacháil. D'ainneoin an spriocráta áitíochta a bhaint amach, tá cumhdach an tsreafa airgid gann mar gheall ar ioncam míshásúil.

• Le haghaidh chéim na foirgníochta (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Déantar an mhaoin a réamh-léasú go hiomlán le linn aibíocht na hiasachta ([5]) nó a réamhdhíol le tionónta nó ceannaitheoir ag a bhfuil sár-acmhainneacht creidmheasa, nó rinne an banc gealltanas ceangailteach maidir le maoiniú tógála amach ó thionónta nó ceannaitheoir ag a bhfuil ard-acmhainneacht creidmheasa, mar shampla trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí.	Déantar an mhaoin a réamh-léasú go hiomlán nó a réamhdhíol le tionónta nó ceannaitheoir inchairde, nó rinne an banc gealltanas ceangailteach maidir le maoiniú buan ó iasachtóir inchairde, mar shampla trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí.	Tá an ghníomhaíocht léasaithe laistigh den mhéid a réamh-mheasadh ach ní fhéadfar an foirgneamh a réamh-léasú agus ní féidir maoiniú tógála amach a chur i bhfeidhm. Féadfaidh an banc a bheith mar an t-iasachtóir buan.	Tá an mhaoin ag meath mar gheall ar róchaiteachas, meathlú an mhargaidh, cealuithe ó thionóntaí nó fachtóirí eile. D'fhéadfadh díospóid a bheith ann leis an bpáirtí a chuireann an maoiniú buan ar fáil.
Fachtóir: an timpeallacht pholaitiúil agus dhlíthiúil				
(a) Fo-fhachtóir: rioscaí dlíthiúla agus rialaitheacha	Bíonn an dlínse an-fhabhrach d'athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí.	Bíonn an dlínse fabhrach go ginearálta d'athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí.	Bíonn an dlínse fabhrach go ginearálta d'athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí, ach d'fhéadfadh an t-athshealbhú a bheith fada agus/nó deacair.	Timpeallacht dhlíthiúil agus rialála lag nó éagobhsaí. D'fhéadfadh athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí a bheith fada nó dodhéanta mar gheall ar an dlínse.
(b) Fo-fhachtóir: riosca polaitiúil, lena n-áirítear aistriú riosca, agus an cineál tionscadail agus maolaitheoirí á gcur san áireamh	Neamhchosaint an-bheag; ionstraimí maolaithe láidre, más gá	Neamhchosaint bheag; ionstraimí maolaithe sásúla, más gá	Neamhchosaint mheasartha; ionstraimí maolaithe réasúnta	Neamhchosaint ard; gan aon ionstraimí maolaithe nó ionstraimí maolaithe laga
Fachtóir: saintréithe na sócmhainne/an idirbhirt				
(a) Fo-fhachtóir: suíomh	Tá an mhaoin suite ar shuíomh an-inmhianaithe atá áisiúil do sheirbhísí a bhíonn ag teastáil ó thionóntaí.	Tá an mhaoin suite ar shuíomh inmhianaithe atá áisiúil do sheirbhísí a bhíonn ag teastáil ó thionóntaí.	Níl aon bhuntáiste iomaíoch i gceist ó thaobh shuíomh na maoine de.	Tá an mhaoin suite ar shuíomh neamh-inmhianaithe.
(b) Fo-fhachtóir: dearadh agus riocht	Tá an-tóir ar an maoin mar gheall ar a dearadh, a leagan amach agus an chaoi a ndéantar í a chothabháil, agus tá sí an-iomaíoch i ndáil le maoine nua.	Tá an mhaoin iomchuí maidir lena dearadh, a leagan amach agus an chothabháil a dhéantar uirthi. Tá dearadh agus cumais na maoine iomaíoch i ndáil le maoine nua.	Tá an mhaoin leordhóthanach maidir lena leagan amach, a dearadh agus an chothabháil a dhéantar uirthi.	Bhí leagan amach, dearadh agus cothabháil na maoine ina gcúiseanna leis na deacrachtaí a bhí i gceist léi. Tá laigí i leagan amach, dearadh nó cothabháil na maoine.
(c) Fo-fhachtóir: tá an mhaoin á foirgniú	Tá an buiséad foirgníochta caol agus cuirtear srian ar ghuaiseacha teicniúla. Tá na conraitheoirí ardcháilithe agus tá seasamh creidmheasa ard acu.	Tá an buiséad foirgníochta caol agus cuirtear srian ar ghuaiseacha teicniúla. Tá na conraitheoirí ardcháilithe agus tá seasamh creidmheasa maith acu.	Tá an buiséad foirgníochta leordhóthanach agus tá gnáthcháilíochtaí ag na conraitheoirí agus tá gnáthsheasamh creidmheasa acu.	Tá an tionscadal thar an mbuiséad nó neamhréalaíoch i bhfianaise na nguaiseacha teicniúla a bhaineann leis. D'fhéadfadh sé nach bhfuil na conraitheoirí sách cáilithe agus go bhfuil seasamh creidmheasa íseal acu.

(d) Fo-fhachtóir: struchtúr airgeadais:				
• An sceideal amúchta (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Fiachas amúchta gan chnap-aisíocaíocht	Fiachas amúchta gan chnap-aisíocaíocht nó gan ach cnap-aisíocaíocht neamhshuntasach	Aisíocaíochtaí fiachais amúchta le cnap-aisíocaíocht theoranta	Cnap-aisíocaíocht nó aisíocaíochtaí fiachais amúchta le cnap-aisíocaíocht ard
• Margadh/timthriall agus riosca athmhaoinithe (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Níl aon neamhchosaint ar riosca margaidh ná timthrialla ann, nó níl ach fíorbheagán neamhchosanta ar a leithéid, ós rud é go gcumhdófar na haisíocaíochtaí iasachta uile amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais agus nach mbeidh aon mhoilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Níl aon riosca athmhaoinithe ann nó níl ach fíorbheagán riosca athmhaoinithe ann.	Níl ach neamhchosaint theoranta ar riosca margaidh ná timthrialla ann ós rud é go gcumhdófar tromlach na n-aisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais agus nach mbeidh aon mhoilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Níl ach riosca athmhaoinithe íseal ann.	Tá neamhchosaint mheasartha ar riosca margaidh nó timthrialla ann ós rud é nach gcumhdófar ach cuid de na haisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais nó go bhfuil roinnt moilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Meánriosca athmhaoinithe.	Tá neamhchosaint shuntasach ar riosca margaidh nó timthrialla ann ós rud é nach gcumhdófar ach cuid bheag de na haisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais nó go bhfuil roinnt moilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Ardriosca athmhaoinithe.
Fachtóir: láidreacht an urraitheora/fhorbróra (lena n-áirítear aon chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí)				
(a) Fo-fhachtóir: acmhainn mhaoinithe agus toilteanas chun tacú leis an maoin.	Rinne an t-urraitheoir/forbróir ranníocaíocht airgid shuntasach i ndáil le foirgníocht nó ceannach na maoine. Tá acmhainní suntasacha agus dliteanais dhíreacha agus theagmhasacha theoranta ag an urraitheoir/bhforbróir. Bíonn maoine an urraitheora/fhorbróra éagsúil ó thaobh a suíomhanna geografacha agus an chineáil maoine.	Rinne an t-urraitheoir/forbróir ranníocaíocht airgid ábhartha i ndáil le foirgníocht nó ceannach na maoine. Cuireann a staid airgeadais ar chumas an urraitheora/fhorbróra tacú leis an maoin i gcás easnaimh sa sreabhadh airgid. Tá maoine an urraitheora/fhorbróra suite i roinnt réigiúin gheografacha.	Féadfaidh ranníocaíocht an urraitheora/fhorbróra a bheith neamhábhartha nó neamh-airgid. Tá acmhainní airgeadais an urraitheora/fhorbróra cothrom leis an meán nó faoi bhun an mheáin.	Níl sé d'acmhainn ag an urraitheoir/bhforbróir tacú leis an maoin nó níl sé sásta a leithéid a dhéanamh.
(b) Fo-fhachtóir: cáil agus cuntas teiste le maoine comhchosúla.	Lucht bainistíochta a bhfuil taithí acu agus urraitheoirí ardcháilíochta; deacháil agus cuntas teiste fada agus rathúil le maoine comhchosúla	Lucht bainistíochta iomchuí agus urraitheoirí de cháilíocht iomchuí. Tá cuntas teiste rathúil ag an urraitheoir nó an lucht bainistíochta le maoine comhchosúla.	Lucht bainistíochta measartha agus urraitheoirí de cháilíocht mheasartha. Níl aon ábhair imní thromchúiseacha ann maidir le cuntas teiste an lucht bainistíochta ná an urraitheora.	Lucht bainistíochta neamhéifeachtach agus urraitheoirí de cháilíocht faoi bhun caighdeáin. Chuir deacrachtaí an lucht bainistíochta nó na n-urraitheoirí leis na deacrachtaí i ndáil le maoine a bhainistiú roimhe seo.

(c) Fo-fhachtóir: gaolta le gníomhaithe réadmhaoine ábhartha	Gaolta láidre le príomhghníomhaithe amhail gníomhairí léasaithe	Gaolta cruthaithe le príomhghníomhaithe amhail gníomhairí léasaithe	Gaolta leordhóthanacha le gníomhairí léasaithe agus páirtithe eile a chuireann seirbhísí réadmhaoine tábhachtacha ar fáil	Gaolta laga le gníomhairí léasaithe agus/nó páirtithe eile a chuireann seirbhísí réadmhaoine tábhachtacha ar fáil
Fachtóir: pacáiste slándála				
(a) Fo-fhachtóir: cineál an liain	Céad lian comhlánaithe ([6])	Céad lian comhlánaithe	Céad lian comhlánaithe	Tá cumas foriata an iasachtóra srianta.
(b) Fo-fhachtóir: sannadh cíosanna	Fuair an t-iasachtóir sannadh le haghaidh thromlach na gcíosanna. Coinníonn siad faisnéis faoi na tionóntaí atá ann faoi láthair lena n-éascófaí fógra a sholáthar maidir le cíosanna a íoc go díreach leis an iasachtóir, amhail rolla cíosa reatha agus cóipeanna de léasanna an tionscadail.	Fuair an t-iasachtóir sannadh le haghaidh cuid shuntasach de na cíosanna. Coinníonn siad faisnéis faoi na tionóntaí atá ann faoi láthair lena n-éascófaí fógra a sholáthar do na tionóntaí maidir le cíosanna a íoc go díreach leis an iasachtóir, amhail rolla cíosa reatha agus cóipeanna de léasanna an tionscadail.	Fuair an t-iasachtóir sannadh le haghaidh cuid cuibheasach beag den chíos. Níor choinnigh an t-iasachtóir faisnéis faoi na tionóntaí atá ann faoi láthair lena n-éascófaí fógra a sholáthar do na tionóntaí maidir le cíosanna a íoc go díreach leis an iasachtóir, amhail rolla cíosa reatha agus cóipeanna de léasanna an tionscadail.	Ní bhfuair an t-iasachtóir sannadh maidir leis na léasanna.
(c) Fo-fhachtóir: cáilíocht an chumhdaigh árachais	Cáilíocht an-mhaith	Cáilíocht mhaith	Cáilíocht iomchuí	Cáilíocht faoi bhun caighdeáin

([1]) Tagraíonn an Cóimheas Cumhdaigh maidir le Fónamh d'Fhiachas ("DSCR") don chóimheas idir an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse ar féidir a ghiniúint ón tsócmhainn agus an aisíocaíocht a éilítear ar an bpríomhshuim agus na híocaíochtaí úis le linn ré na hiasachta, i gcás ina ndéantar an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse a ríomh tríd an gcaiteachas riaracháin, caiteachas caipitiúil, fiachas agus maoiniú cothromais, cánacha agus coigeartuithe caipitil oibre a asbhaint ón ioncam a ghineann an tionscadal.

([2]) Tagraíonn an Cóimheas Cumhdaigh ar Ús ("ICR") don chóimheas idir an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse ar féidir a ghiniúint ón tsócmhainn agus aisíoc na n-íocaíochtaí úis a éilítear le linn ré na hiasachta, i gcás ina ndéantar an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse a ríomh tríd an gcaiteachas riaracháin, caiteachas caipitiúil, fiachas agus maoiniú cothromais, cánacha agus coigeartuithe caipitil oibre a asbhaint ón ioncam a ghineann an tionscadal.

([3]) Tagraíonn an cóimheas Iasachta/Luacha don chóimheas idir méid na hiasachta agus luach na sócmhainní arna gcur i ngeall.

([4]) Tagraíonn aibíocht iasachta don mhéid ama atá fágtha chun an iasacht a aisíoc.

([5]) Tagraíonn aibíocht iasachta don mhéid ama atá fágtha chun an iasacht a aisíoc.

([6]) Úsáideann iasachtóirí i roinnt margaí struchtúir iasachta lena n-áirítear liain shóisearacha go heisiach. Féadfaidh liain shóisearacha an leibhéal sin riosca a léiriú más rud é nach bhfuil an cóimheas iasachta/luacha iomlán, agus na staideanna sóisearacha uile san áireamh, níos mó ná an cóimheas iasachta/luacha a bheadh i gceist le gnáthchéad iasachta.

Critéir mheasúnaithe le haghaidh neamhchosaintí um maoiniú réada

	Catagóir 1	Catagóir 2	Catagóir 3	Catagóir 4
Fachtóir: láidreacht airgeadais				
(a) Fo-fhachtóir: dálaí an mhargaidh	Tá an t-éileamh láidir agus ag fás, bacainní iontrála láidre, íogaireacht íseal d'athruithe sa teicneolaíocht agus san ionchas eacnamaíochta.	Tá an t-éileamh láidir agus cobhsaí. Tá roinnt bacainní iontrála ann, agus íogaireacht áirithe d'athruithe sa teicneolaíocht agus san ionchas eacnamaíochta.	Tá an t-éileamh leordhóthanach agus cobhsaí, bacainní iontrála teoranta, íogaireacht shuntasach d'athruithe sa teicneolaíocht agus san ionchas eacnamaíochta.	Tá an t-éileamh lag agus ag meath, leochaileach d'athruithe sa teicneolaíocht agus san ionchas eacnamaíochta, timpeallacht an-neamhchinnte.
(b) Fo-fhachtóir: cóimheasa airgeadais, i.e. DSCR ([1]) nó ICR ([2])	Cóimheasa airgeadais láidre i bhfianaise an chineáil sócmhainne. Toimhdí eacnamaíocha an-láidir.	Cóimheasa airgeadais láidre / inghlactha i bhfianaise an chineáil sócmhainne. Toimhdí eacnamaíocha láidre don tionscadal.	Cóimheasa airgeadais caighdeánacha don chineál sócmhainne	Cóimheasa airgeadais diana i bhfianaise an chineáil sócmhainne
(c) Fo-fhachtóir: réamhchóimheas, i. e. cóimheas iasachta/luacha ([3])	Cóimheas iasachta/luacha láidir i bhfianaise an chineáil sócmhainne	Cóimheas iasachta/luacha láidir/maith i bhfianaise an chineáil sócmhainne	Cóimheas iasachta/luacha caighdeánach don chineál sócmhainne	Cóimheas iasachta/luacha dian i bhfianaise an chineáil sócmhainne
(d) Fo-fhachtóir: anailís struis ar bhonn an ioncaim arna ghiniúint le linn aibíocht na hiasachta ([4])	Ioncam fadtéarmach cobhsaí, a bheidh ábalta dálaí dianstruis a sheasamh le linn timthriall eacnamaíoch	Ioncam gearrthéarmach sásúil. Féadfaidh an iasacht deacrachtaí airgeadais áirithe a sheasamh. Is dócha nach mbeidh an iasacht ar mainneachtain ach sna dálaí eacnamaíocha is déine	Ioncaim ghearrthéarmacha neamhchinnte. Tá sreafaí airgid leochaileach do struis nach annamh iad le linn timthriall eacnamaíoch. Féadfaidh an iasacht mainneachtain le linn sleabhcadh eacnamaíoch	Tá na hioncaim faoi réir neamhchinnteachtaí láidre; fiú amháin i ngnáthdhálaí eacnamaíocha, féadfaidh an tsócmhainn mainneachtain mura dtiocfaidh feabhas ar dhálaí
(e) Fo-fhachtóir: leachtacht an margaidh	Tá an margadh leagtha amach ar bhonn domhanda; tá na sócmhainní an-leachtach.	Tá an margadh ar fud an domhain nó réigiúnach; tá na sócmhainní cuibheasach leachtach.	Tá an margadh réigiúnach agus ionchais theoranta ann sa ghearrthéarma, lena dtugtar leachtacht íseal le tuiscint.	Margadh áitiúil agus/nó infheictheacht lag. Leachtacht íseal nó gan aon leachtacht, go háirithe ar mhargaí nideoige.
Fachtóir: an timpeallacht pholaitiúil agus dhlíthiúil				
(a) Fo-fhachtóir: rioscaí dlíthiúla agus rialaitheacha	Bíonn an dlínse fabhrach d'athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí.	Bíonn an dlínse fabhrach d'athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí.	Bíonn an dlínse fabhrach go ginearálta d'athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí, cé go bhféadfadh an t-athshealbhú a bheith fada agus/nó deacair.	Timpeallacht dhlíthiúil agus rialála lag nó éagobhsaí. D'fhéadfadh athshealbhú agus forfheidhmiú conarthaí a bheith fada nó dodhéanta mar gheall ar an dlínse.

(b) Fo-fhachtóir: riosca polaitiúil, lena n-áirítear aistriú riosca, agus an cineál réada agus maolaitheoirí á gcur san áireamh	Neamhchosaint an-bheag; ionstraimí maolaithe láidre, más gá	Neamhchosaint bheag; ionstraimí maolaithe sásúla, más gá	Neamhchosaint mheasartha; ionstraimí maolaithe réasúnta	Neamhchosaint ard; gan aon ionstraimí maolaithe nó ionstraimí maolaithe laga
Fachtóir: saintréithe an idirbhirt				
(a) Fo-fhachtóir: sceideal amúchta	Fiachas amúchta gan chnap-aisíocaíocht	Fiachas amúchta gan chnap-aisíocaíocht nó gan ach cnap-aisíocaíocht neamhshuntasach	Aisíocaíochtaí fiachais amúchta le cnap-aisíocaíocht theoranta	Cnap-aisíocaíocht nó aisíocaíochtaí fiachais amúchta le cnap-aisíocaíocht ard
(b) Fo-fhachtóir: margadh/timthriall agus riosca athmhaoinithe	Níl aon neamhchosaint ar riosca margaidh ná timthrialla ann, nó níl ach fíorbheagán neamhchosanta ar a leithéid, ós rud é go gcumhdófar na haisíocaíochtaí iasachta uile amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais ([5]) agus nach mbeidh aon mhoilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Níl aon riosca athmhaoinithe ann nó níl ach fíorbheagán riosca athmhaoinithe ann.	Níl ach neamhchosaint theoranta ar riosca margaidh ná timthrialla ann ós rud é go gcumhdófar tromlach na n-aisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais agus nach mbeidh aon mhoilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Níl ach riosca athmhaoinithe íseal ann.	Tá neamhchosaint mheasartha ar riosca margaidh nó timthrialla ann ós rud é nach gcumhdófar ach cuid de na haisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais nó go bhfuil roinnt moilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Meánriosca athmhaoinithe.	Tá neamhchosaint shuntasach ar riosca margaidh nó timthrialla ann ós rud é nach gcumhdófar ach cuid bheag de na haisíocaíochtaí iasachta amach anseo le linn aibíocht na hiasachta leis na sreafaí airgid ionchais nó go bhfuil roinnt moilleanna suntasacha idir na sreafaí airgid agus na haisíocaíochtaí iasachta. Ardriosca athmhaoinithe.
(c) Fo-fhachtóir: riosca oibriúcháin				
• Ceadanna / ceadúnú (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Fuarthas na ceadanna go léir; comhlíonann an tsócmhainn na rialacháin sábháilteachta reatha agus ionchais.	Fuarthas na ceadanna go léir nó tá siad á bhfáil faoi láthair; comhlíonann an tsócmhainn na rialacháin sábháilteachta reatha agus ionchais.	Tá tromlach na gceadanna faighte nó á bhfáil faoi láthair, meastar gur gnáthnós iad na cinn atá fós le fáil, comhlíonann an tsócmhainn na rialacháin sábháilteachta reatha.	Tá fadhbanna maidir leis na ceadanna go léir is gá a fháil, d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le cuid den leagan amach atá beartaithe agus/nó na hoibríochtaí atá beartaithe a athbhreithniú.
• Raon feidhme agus cineál na gconarthaí O&C (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Conradh O&C fadtéarmach láidir ([6]), le dreasachtaí feidhmíochta conarthacha más féidir, agus/nó cuntais chúlchiste O&C (más gá)	Conradh O&C fadtéarmach, agus/nó cuntais chúlchiste O&C ([7]) (más gá)	Conradh O&C teoranta nó cuntas cúlchiste O&M (más gá)	Gan aon chonradh O&C: riosca de róchaiteachas oibriúcháin ard nach bhféadfaí é a mhaolú
• Fóntacht airgeadais an oibreora, a chuntas teiste maidir leis an gcineál seo sócmhainne a bhainistiú agus a chumas chun an tsócmhainn a chur ar an margadh arís nuair a thiocfaidh deireadh leis an léas (comhpháirt an fho-fhachtóra)	Cuntas teiste den scoth agus cumas athmhargaíochta láidir	Cuntas teiste sásúil agus cumas athmhargaíochta	Cuntas teiste lag nó gairid agus cumas athmhargaíochta neamhchinnte	Níl aon chuntas teiste aige nó níl sé ar eolas, agus níl aon chumas athmhargaíochta aige i ndáil leis an tsócmhainn

Fachtóir: saintréithe na sócmhainne				
(a) Fo-fhachtóir: leagan amach, méid, dearadh agus cothabháil (i.e. aois, méid le haghaidh plána) i gcomparáid le sócmhainní eile ar an margadh céanna	Buntáiste mór ó thaobh dearaidh agus cothabhála de. Tá an leagan amach caighdeánach ionas go gcuirfear an réad ar mhargadh leachtach.	Dearadh agus cothabháil os cionn an mheáin. Tá an leagan amach caighdeánach, b'fhéidir le fíorbheagán eisceachtaí — ionas go gcuirfear an réad ar mhargadh leachtach	Dearadh agus cothabháil mheánach. Tá an leagan amach sonrach go leor, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh margadh níos cúinge a bheith ann don réad.	Dearadh agus cothabháil faoi bhun an mheáin. Tá an tsócmhainn i ngar do dheireadh a ré eacnamaíche. Tá an leagan amach an-sonrach; tá margadh an-chúng ann don réad.
(b) Fo-fhachtóir: luach athdhíola	Tá an luach athdhíola atá ann faoi láthair cuid mhaith os cionn luach an fhiachais.	Tá an luach athdhíola cuid mheasartha os cionn luach an fhiachais.	Tá an luach athdhíola beagán os cionn luach an fhiachais.	Tá an luach athdhíola faoi bhun luach an fhiachais.
(c) Fo-fhachtóir: íogaireacht luach agus leachtacht na sócmhainne do thimthriallta eacnamaíocha	Tá luach agus leachtacht na sócmhainne sách neamh-íogair do thimthriallta eacnamaíocha.	Tá luach agus leachtacht na sócmhainne íogair do thimthriallta eacnamaíocha.	Tá luach agus leachtacht na sócmhainne íogair go leor do thimthriallta eacnamaíocha.	Tá luach agus leachtacht na sócmhainne an-leochaileach do thimthriallta eacnamaíocha.
Fachtóir: láidreacht an urraitheora (lena n-áirítear comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí)				
(a) Fo-fhachtóir: cuntas teiste agus láidreacht airgeadais na n-urraitheoirí	Urraitheoirí a bhfuil cuntas teiste den scoth agus seasamh airgeadais ard acu	Urraitheoirí a bhfuil cuntas teiste maith agus seasamh airgeadais maith acu	Urraitheoirí a bhfuil cuntas teiste leordhóthanach agus seasamh airgeadais maith acu	Urraitheoirí nach bhfuil aon chuntas teiste acu nó a bhfuil cuntas teiste acu a bhfuil amhras faoi agus/nó a bhfuil laigí airgeadais acu
Fachtóir: pacáiste slándála				
(a) Fo-fhachtóir: rialú sócmhainne	Tugann doiciméadacht dhlíthiúil rialú éifeachtach don iasachtóir (e.g. céad leas urrúis comhlánaithe ([8]), nó struchtúr léasaithe lena n-áirítear urrús den sórt sin) ar an tsócmhainn, nó ar an gcuideachta atá ina húinéir uirthi.	Tugann doiciméadacht dhlíthiúil rialú éifeachtach don iasachtóir (e.g. leas urrúis comhlánaithe, nó struchtúr léasaithe lena n-áirítear urrús den sórt sin) ar an tsócmhainn, nó ar an gcuideachta atá ina húinéir uirthi.	Tugann doiciméadacht dhlíthiúil rialú éifeachtach don iasachtóir (e.g. leas urrúis comhlánaithe, nó struchtúr léasaithe lena n-áirítear urrús den sórt sin) ar an tsócmhainn, nó ar an gcuideachta atá ina húinéir uirthi.	Ní thugann an conradh ach beagán urrúis don iasachtóir agus tá riosca áirithe ann go gcaillfí rialú ar an tsócmhainn.
(b) Fo-fhachtóir: cearta agus modh ag an iasachtóir chun faireachán a dhéanamh ar shuíomh agus riocht na sócmhainne	Tá an t-iasachtóir ábalta faireachán a dhéanamh ar shuíomh agus riocht na sócmhainne, tráth ar bith agus in áit ar bith (tuarascálacha rialta, an deis a bheith aige cigireachtaí a stiúradh).	Tá an t-iasachtóir ábalta faireachán a dhéanamh ar shuíomh agus riocht na sócmhainne, geall le tráth ar bith agus in áit ar bith.	Tá an t-iasachtóir ábalta faireachán a dhéanamh ar shuíomh agus riocht na sócmhainne, geall le tráth ar bith agus in áit ar bith.	Níl ach cumas teoranta ag an iasachtóir chun faireachán a dhéanamh ar shuíomh agus riocht na sócmhainne.

(c) Fo-fhachtóir: árachas in aghaidh damáistí	Cumhdach árachais láidir, le damáistí comhthaobhacha san áireamh, le cuideachtaí árachais den chaighdeán is airde	Cumhdach árachais sásúil (gan damáistí comhthaobhacha san áireamh) le cuideachtaí árachais d'ardcháilíocht	Cumhdach árachais réasúnta (gan damáistí comhthaobhacha san áireamh) le hárachas de cháilíocht inghlactha	Cumhdach árachais lag (gan damáistí comhthaobhacha san áireamh) nó le hárachas de cháilíocht lag

([1]) Tagraíonn an Cóimheas maidir le Fónamh d'Fhiachas ("DSCR") don chóimheas idir an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse ar féidir a ghiniúint ón tsócmhainn agus an aisíocaíocht a éilítear ar an bpríomhshuim agus na híocaíochtaí úis le linn ré na hiasachta, i gcás ina ndéanfar an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse a ríomh tríd an gcaiteachas riaracháin, caiteachas caipitiúil, fiachas agus maoiniú cothromais, cánacha agus coigeartuithe caipitil oibre a asbhaint ón ioncam a ghineann an tionscadal.

([2]) Tagraíonn an Cóimheas Cumhdaigh ar Ús ("ICR") don chóimheas idir an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse ar féidir a ghiniúint ón tsócmhainn agus aisíoc na n-íocaíochtaí úis a éilítear le linn ré na hiasachta, i gcás ina ndéanfar an sreabhadh airgid atá ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse a ríomh tríd an gcaiteachas riaracháin, caiteachas caipitiúil, fiachas agus maoiniú cothromais, cánacha agus coigeartuithe caipitil oibre a asbhaint ón ioncam a ghineann an tionscadal.

([3]) Tagraíonn an cóimheas Iasachta/Luacha don chóimheas idir méid na hiasachta agus luach na sócmhainní arna gcur i ngeall.

([4]) Tagraíonn aibíocht iasachta don mhéid ama atá fágtha chun an iasacht a aisíoc.

([5]) Tagraíonn aibíocht iasachta don mhéid ama atá fágtha chun an iasacht a aisíoc.

([6]) Tagraíonn conradh Oibríochtaí agus Cothabhála ("O&C") do chonradh idir an forbróir agus an t-oibreoir. Déanann an forbróir oibriú agus cothabháil an tionscadail, chomh maith le bainistiú fheidhmíocht an tionscadail go minic, a tharmligean chuig oibreoir a bhfuil saineolas aige ar an tionscal faoi théarmaí an chonartha O&C (i.e. raon feidhme, téarma, freagracht an oibreora, táillí, agus damáistí leachtaithe).

([7]) Tagraíonn cuntas cúlchiste O&C do chiste ina dtaisctear airgead lena úsáid chun críche costais oibriúcháin agus chothabhála an tionscadail a chomhlíonadh.

([8]) Tagraíonn céad leas urrúis comhlánaithe do leas urrúis i sócmhainn (morgáistithe mar chomhthaobhacht) arna chosaint ar éilimh ó pháirtithe eile. Déantar lian a chomhlánú trína chlárú le húdarás reachtúil iomchuí ionas go mbeadh sé infhorfheidhmithe le dlí agus go dtabharfaí stádas sóisearach d'aon éileamh ar an tsócmhainn sin ina dhiaidh sin.

Critéir mheasúnaithe le haghaidh neamhchosaintí um maoiniú tráchtearraí

	Catagóir 1	Catagóir 2	Catagóir 3	Catagóir 4
Fachtóir: láidreacht airgeadais				
(a) Fo-fhachtóir: méid na ró-ch-omhthaobhachta i ndáil leis an trádáil	Láidir	Go maith	Sásúil	Lag
Fachtóir: an timpeallacht pholaitiúil agus dhlíthiúil				
(a) Fo-fhachtóir: riosca tíre	Níl aon riosca tíre ann	Neamhchosaint theoranta ar riosca tíre (go háirithe, suíomh eischósta cúlchistí i dtír i mbéal a tionsclaithe)	Neamhchosaint ar riosca tíre (go háirithe, suíomh eischósta cúlchistí i dtír i mbéal a tionsclaithe)	Neamhchosaint mhór ar riosca tíre (go háirithe, suíomh eischósta cúlchistí i dtír i mbéal a tionsclaithe)
(b) Fo-fhachtóir: rioscaí tíre a mhaolú	Maolú an-láidir: Sásraí eischósta láidre Tráchtearra straitéiseach Ceannaitheoir den chéad aicme	Maolú láidir: Sásraí eischósta Tráchtearra straitéiseach Ceannaitheoir láidir	Maolú inghlactha: Sásraí eischósta Tráchtearra nach bhfuil chomh straitéiseach sin Ceannaitheoir inghlactha	Maolú páirteach amháin: Gan aon sásraí eischósta Tráchtearra neamhstraitéiseach Ceannaitheoir Lag
Fachtóir: saintréithe na sócmhainne				
(a) Fo-fhachtóir: leachtacht agus soghabháltacht i leith damáiste	Tá an tráchtearra luaite agus is féidir é a fhálú trí thodhchaíochtaí nó ionstraimí OTC. Níl an tráchtearra soghabhálach i leith damáiste.	Tá an tráchtearra luaite agus is féidir é a fhálú trí ionstraimí OTC. Níl an tráchtearra soghabhálach i leith damáiste.	Níl an tráchtearra luaite ach tá sé leachtach. Tá neamhchinnteacht ann maidir leis an bhféidearthacht d'fhálú. Níl an tráchtearra soghabhálach i leith damáiste.	Níl an tráchtearra luaite. Tá an leachtacht teoranta i bhfianaise mhéid agus leibhéal an mhargaidh. Níl aon ionstraimí fálaithe iomchuí ann. Tá an tráchtearra soghabhálach i leith damáiste.
Fachtóir: láidreacht an urraitheora (lena n-áirítear comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí)				
(a) Fo-fhachtóir: láidreacht airg-eadais an trádálaí	An-láidir, i ndáil le fealsúnacht trádála agus rioscaí	Láidir	Leordhóthanach	Lag
(b) Fo-fhachtóir: cuntas teiste, lena n-áirítear an cumas chun an próiseas lóistíochta a bhainistiú	Taithí fhairsing ar an gcineál idirbhirt atá i gceist. Cuntas teiste láidir de rath oibriúcháin agus cost-éifeachtúlacht.	Taithí leordhóthanach ar an gcineál idirbhirt atá i gceist. Cuntas teiste os cionn an mheáin de rath oibriúcháin agus cost-éifeachtúlacht.	Taithí theoranta ar an gcineál idirbhirt atá i gceist. Cuntas teiste meánach de rath oibriúcháin agus cost-éifeachtúlacht.	Cuntas teiste teoranta nó neamhchinnte go ginearálta. Costais agus brabúis luaineacha.

(c) Fo-fhachtóir: rialuithe trádála agus beartais fálaithe	Caighdeáin láidre maidir le roghnú contrapháirtí, fálú, agus faireachán a dhéanamh	Caighdeáin leordhóthanacha maidir le roghnú contrapháirtí, fálú, agus faireachán a dhéanamh	Ní raibh aon fhadhbanna le hidirbhearta roimhe seo nó ní raibh ach fadhbanna beaga i gceist	Bhí caillteanais shuntasacha ag an trádálaí le hidirbhearta roimhe seo
(d) Fo-fhachtóir: cáilíocht an nochta airgeadais	Den scoth	Go maith	Sásúil	Tá roinnt éiginnteachtaí sa nochtadh airgeadais nó ní leor é
Fachtóir: pacáiste slándála				
(a) Fo-fhachtóir: rialú sócmhainne	Tugann céad leas urrúis comhlánaithe ([1])rialú dlíthiúil don iasachtóir ar na sócmhainní tráth ar bith más gá.	Tugann céad leas urrúis comhlánaithe rialú dlíthiúil don iasachtóir ar na sócmhainní tráth ar bith más gá.	Ag pointe éigin sa phróiseas, tá briseadh i rialú na sócmhainní ag an iasachtóir. Déantar an briseadh sin a mhaolú le heolas ar an bpróiseas trádála nó gnóthas tríú páirtí de réir mar a bheidh.	Fágtar leis an gconradh go bhféadfadh riosca áirithe a bheith ann go gcaillfí rialú ar na sócmhainní. D'fhéadfaí an t-athshlánú a chur i mbaol.
(b) Fo-fhachtóir: árachas in aghaidh damáistí	Cumhdach árachais láidir, le damáistí comhthaobhacha san áireamh, le cuideachtaí árachais den chaighdeán is airde	Cumhdach árachais sásúil (gan damáistí comhthaobhacha san áireamh) le cuideachtaí árachais d'ardcháilíocht	Cumhdach árachais réasúnta (gan damáistí comhthaobhacha san áireamh) le cuideachtaí árachais de cháilíocht inghlactha	Cumhdach árachais lag (gan damáistí comhthaobhacha san áireamh) nó le cuideachtaí árachais de cháilíocht lag

([1]) Tagraíonn céad leas urrúis comhlánaithe do leas urrúis i sócmhainn (morgáistithe mar chomhthaobhacht) arna chosaint ar éilimh ó pháirtithe eile. Déantar lian a chomhlánú trína chlárú le húdarás reachtúil iomchuí ionas go mbeadh sé infhorfheidhmithe le dlí agus go dtabharfaí stádas sóisearach d'aon éileamh ar an tsócmhainn sin ina dhiaidh sin.